**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/1649**

**an 6 Samhain 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) I bhfianaise thromchúis na staide mar atá sa tSiria, agus aird againn ar na hairí rialtais a ceapadh le déanaí, ba cheart ochtar a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Samhain 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. ROTH

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i Roinn A (Daoine) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "303. | Bassam TOU'MA (dá ngairtear freisin TU'MA)<br>(بسام طعمة) | Dáta breithe: 1969<br>Áit bhreithe: Safita, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Ola agus Acmhainní Mianra. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 304. | Hassan GHABACHE (dá ngairtear freisin GHOBASH, AL-GHABBASH)<br>(حسن غباشة) | Dáta breithe: 1971<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Sláinte.<br>I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas Shiria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 305. | Ziyad SABBAGH<br>(زياد صباغ) | Dáta breithe: 1960<br>Áit bhreithe: Aleppo, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Tionscail.<br>I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 306. | Mohammad Hassan QATANA<br>(حسن قطانة) | Áit bhreithe: Damascus, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Talmhaíochta agus um Athriar Talúntais. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 307. | Ghassan ZAMEL (dá ngairtear freisin AL-ZAMIL, AL-ZAMEL)<br>(غسان زامل) | Dáta breithe: 1963<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Leictreachais.<br>I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 308. | Mohamad (dá ngairtear freisin Mohammad) Fayez BARCHA (dá ngairtear freisin AL-BARSHA, AL-BARASHA)<br>(محمد فايز برشة) | Dáta breithe: 1955<br>Áit bhreithe: Damascus, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Stáit. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 309. | Malloul (dá ngairtear freisin Maloul) HUSSEIN (dá ngairtear freisin AL-HUSSEIN)<br>(ملول حسين) | Dáta breithe: 1950<br>Áit bhreithe: Al-Hasakah Governorate, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Stáit. I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020 |
| 310. | Mohammad Samir HADDAD<br>(محمد سمير حداد) | Dáta breithe: 1956<br>Áit bhreithe: Tartous, Syria<br>Inscne: Fireann | Aire Stáit.<br>I mí Lúnasa 2020 a ceapadh.<br>Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht air as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta. | 6.11.2020" |